**COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

**An Bhruiséil, 16 Márta 2011 (18.03)**
**(OR. en)**

**6813/11**

**LIMITE**

**CO EUR-PREP 6**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | COREPER/an Chomhairle um Ghnóthaí Ginearálta |
| Ábhar: | An Chomhairle Eorpach (24-25 Márta 2011)<br>- Dréachtchonclúidí |

*I gcomhréir le hAirteagal 2(3)(a) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na dréachtchonclúidí a d'ullmhaigh Uachtarán na Comhairle Eorpaí, i ndlúthchomhar leis an gcomhalta den Chomhairle Eorpach atá mar ionadaí don Bhallstát atá i mbun Uachtaránacht sé mhí na Comhairle, agus le hUachtarán an Choimisiúin.*

o

o o

*p.m. chapeau*

**AN BEARTAS EACNAMAÍOCH**

1. Ghlac an Chomhairle Eorpach pacáiste cuimsitheach inniu arb é atá ann bearta chun freagairt don ghéarchéim, chun cobhsaíocht airgeadais a chaomhnú agus chun an bóthar a réiteach d'fhás a bheadh inbhuanaithe agus lena gcruthófar poist. Tá sé de rún daingean ag an gComhairle i gcónaí cibé rud is gá a dhéanamh a dhéanamh chun tacú leis an euro agus chun rialachas eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh a neartú.

***An Seimeastar Eorpach a chur chun feidhme: comhdhlúthú fioscach agus athchóiriú struchtúrach***

2. Thug an Chomhairle Eorpach an chéad chéim den seimeastar Eorpach chun críche trí thacú leis na tosaíochtaí atá ann maidir le comhdhlúthú fioscach agus le hathchóiriú struchtúrach, a rinne an Chomhairle a shainaithint de thoradh an tSuirbhé Bhliantúil Fáis a rinne an Coimisiún[1]. Tabharfar tús áite don méid seo a leanas: buiséid fónta a chur ar bun arís, dífhostaíocht a laghdú trí athchóirithe a dhéanamh ar mhargadh an tsaothair, agus iarrachtaí nua a dhéanamh chun tús áite a thabhairt don fhás. Tá na Ballstáit go léir tiomanta na tosaíochtaí sin a thrasuí ina gCláir um Chobhsaíocht nó um Chóineasú agus ina gCláir Náisiúnta um Athchóiriú.

3. Déanfaidh na Ballstáit, go háirithe, pacáiste ilbhliantúil comhdhlúthúcháin a thíolacadh lena n-áireofar spriocanna sonracha maidir le heasnamh, le hioncam agus le caiteachas, an straitéis a bheartófar chun na spriocanna sin a bhaint amach agus an amlíne leis an méid sin a chur chun feidhme. Ba cheart, le beartais fhioscacha don bhliain 2012, iarracht a dhéanamh muinín a spreagadh arís trí threochtaí fiachais a thabhairt ar ais ar chosán na hinbhuanaitheachta agus trína áirithiú go dtabharfar easnaimh ar ais faoi bhun 3% den OTI laistigh den tréimhse atá aontaithe ag an gComhairle. Chun é sin a dhéanamh, beidh gá, i bhformhór na gcásanna, le coigeartú struchtúrach bliantúil a bheadh go maith os cionn 0.5% den OTI. Ba cheart tús áite a thabhairt don chomhdhlúthú sna Ballstáit sin a bhfuil easnaimh struchtúracha an-mhóra acu nó a bhfuil leibhéil arda fiachais phoiblí acu nó a bhfuil a gcuid fiachais poiblí ag dul i méid go gasta.

---

[1] Féach conclúidí na Comhairle an 15 Feabhra agus an 7 Márta 2011 agus féach freisin tuarascáil shintéiseach na hUachtaránachta an 16 Márta 2011.

4. Ní mór na hiarrachtaí atá á ndéanamh maidir le comhdhlúthú fioscach a chomhlánú le hathchóirithe struchtúracha a chuirfidh leis an bhfás. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit a chur in iúl cad iad na bearta atá ar intinn acu a chur chun feidhme ionas go mbeadh an obair níos tarraingtí, ionas go gcuirfí na daoine sin atá dífhostaithe ar ais ag obair, ionas go mbeadh cothromaíocht idir an tslándáil agus an tsolúbthacht, ionas go ndéanfaí córais pinsean a athchóiriú agus ionas go mbeadh teacht ar fhuinneamh ar bhealach a bheadh éifeachtúil ó thaobh costas. Leagfaidh siad amach na príomhbhearta a bheidh riachtanach le dul i dtreo príomhspriocanna "an Eoraip 2020", mar a comhaontaíodh i mí an Mheithimh 2010 iad. Déanfaidh siad bearta beartais a thíolacadh freisin chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha atá díobhálach agus seasmhach a cheartú agus chun feabhas a chur ar an iomaíochas.

5. Tá sé ríthábhachtach leas a bhaint as ionstraimí ag leibhéal an AE. Ba cheart, go háirithe, an Margadh Aonair a dhoimhniú ar bhealach a chuirfeadh leis an bhfás agus a chuirfeadh an t-iomaíochas chun cinn. Fáiltíonn an Chomhairle Eorpach roimh an rún atá ag an gCoimisiún an Gníomh um an Margadh Aonair a thíolacadh agus iarrann sí ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an chéad sraith de bhearta tosaíochta a ghlacadh d'fhonn an Margadh Aonair a chur ar bun arís faoi dheireadh na bliana 2012. Ba cheart béim ar leith a chur ar bhearta lena gcothófar fás agus lena gcruthófar poist, lena mbainfear amach toradh follasach agus ar tionscnaimh nua iad. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na Ballstáit an Treoir um Sheirbhísí a chur chun feidhme go huile agus go hiomlán.

Tá tábhacht freisin ag baint leis an ngné sheachtrach den Mhargadh Aonair agus ba cheart díriú ar shaorthrádáil oscailte a chur chun cinn. Ba cheart luí isteach ar an obair go pras i bhfianaise na tuarascála ón gCoimisiún ina leagtar amach na tosaíochtaí maidir le deireadh a chur le bacainní ar thrádáil.

***Beartas eacnamaíoch a chomhordú a bhealach níos fearr: an Comhshocrú don euro***

6. Leis an gComhshocrú don Euro, mar a chomhaontaigh Ceannairí Stáit nó Rialtais é, neartófar tuilleadh colún eacnamaíoch an aontais airgeadaíochta agus bainfear amach leibhéal nua ardchaighdeáin maidir le beartas eacnamaíoch a chomhordú, agus beidh sé mar chuspóir leis an gComhshocrú sin feabhas a chur ar an iomaíochas agus leibhéal níos airde cóineasaithe a bhaint amach. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire go bhfuil sé ar intinn ag [XXX] a bheith rannpháirteach sa Chomhshocrú, agus cuireann sí in iúl go daingean gur féidir le Ballstáit eile nach baill den limistéar euro iad a bheith páirteach sa Chomhshocrú freisin.

7. Na Ballstáit sin atá páirteach sa Chomhshocrú, tá sé de cheangal orthu, ar bhonn na dtáscairí agus ar bhonn na bprionsabal atá sa Chomhshocrú sin, sraith de ghníomhartha nithiúla a fhógairt a bheidh le cur i gcrích laistigh den dá mhí dhéag atá romhainn. Ba cheart na gealltanais sin a léiriú sna Cláir um Chobhsaíocht nó um Chóineasú agus sna Cláir Náisiúnta um Athchóiriú. Fáiltíonn an Chomhairle Eorpach roimh an bhfógra a thug roinnt Ballstát (féach Iarscríbhinn X) maidir leis na chéad bhearta agus iarrann sí ar na Ballstáit eile go léir atá rannpháirteach sa Chomhshocrú a gcuid gealltanas a chur in iúl a luaithe is féidir.

***Rialachas a neartú***

8. Tá an pacáiste de shé cinn de thograí reachtacha maidir le rialachas eacnamaíoch fíorthábhachtach d'fhonn a áirithiú go dtiocfaidh feabhas ar an smacht fioscach agus go seachnófar míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha. Áirítear leis an bpacáiste sin athchóiriú ar an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis chun feabhas a chur ar an bhfaireachas ar bheartais fioscacha agus chun bearta forfheidhmiúcháin a chur i bhfeidhm ar bhealach níos chomhsheasmhaí agus ag céim níos luaithe, forálacha nua maidir le creata náisiúnta fioscacha agus nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha.

9. Fáiltíonn an Chomhairle Eorpach roimh an gcur chuige ginearálta a comhaontaíodh sa Chomhairle maidir leis na tograí, rud a réitíonn an bóthar do chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa. Ní mór anois luí isteach ar an obair ionas go nglacfar na tograí sin i mí an Mheithimh 2011.

***An earnáil baincéireachta a athbheochan***

10. Tá tástálacha struis á ndéanamh ag an Údarás Eorpach Baincéireachta (EBA) agus ag na húdaráis ábhartha. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar an tábhacht atá leis an bpróiseas athbhreithnithe piaraí a bheidh le cur i gcrích i ndlúthchomhar leis na maoirseoirí náisiúnta, leis an BERS, leis an gCoimisiún agus leis an BCE, d'fhonn cur le comhsheasmhacht agus le cáilíocht na dtorthaí. Cuirfear feabhas ar nochtadh faisnéise na mbanc, lena n-áirítear faisnéis maidir le sealúchais fiachais cheannasaigh atá thíos sa leabhar trádála agus baincéireachta.

11. Sula bhfoilseofar na torthaí, ullmhóidh na Ballstáit straitéisí sonracha, uaillmhianacha d'fhonn forais atá i mbaol a athstruchtúrú, lena n-áirítear réitigh ón earnáil phríobháideach (maoiniú díreach don mhargadh nó sócmhainní a dhíol) agus creat láidir chun tacaíocht rialtais a chur ar fáil más gá.

***Sásraí cobhsaíochta a neartú i gcás an limistéir euro***

12. Ag cuimhneamh di ar an tábhacht atá le cobhsaíocht airgeadais a áirithiú sa limistéar euro, ghlac an Chomhairle Eorpach an cinneadh lena leasaítear an CFAE maidir le Sásra Eorpach um Chobhsaíocht a chur ar bun amach anseo. Ní mór nósanna imeachta náisiúnta formheasa a chur ar bun go pras ionas go dtiocfadh an Sásra sin i bhfeidhm an 1 Eanáir 2013.

13. Fáiltíonn an Chomhairle Eorpach roimh an gcomhaontú ar tháinig Ceannairí Stáit nó Rialtais an limistéir euro air maidir le hathchóiriú a dhéanamh ar an EFSF agus ar ghnéithe den SEC.

*p.m. le tabhairt cothrom le dáta i bhfianaise na hoibre a dhéanfaidh na h Airí Airgeadais maidir le EFSF agus SEC.*

## II. <u>AN LIBIA / COMHARSANACHT AN DEISCIRT</u>

*p.m. na himeachtaí polaitiúla is déanaí sa Libia, le dréachtú i bhfianaise an phlé a dhéanfaidh an Chomhairle um Ghnóthaí Eachtracha*

*p.m. an toradh nithiúil a leanann ón dearbhú dar dáta an 11 Márta (cúnamh daonnúil, freagairt do ghluaiseachtaí imirceacha, BEI, BEAF, rialacha tionscnaimh, etc.)*

## III. <u>AN tSEAPÁIN</u>

*p.m. cabhair dhaonnúil éigeandála agus tuilleadh cúnaimh*

*p.m. an suíomh maidir le fuinneamh (le comhlánú i bhfianaise chruinniú urghnách na Comhairle Fuinnimh an 21 Márta)*

*p.m. gnéithe eacnamaíocha i gcoitinne*